

Beatha Teanga



Ról an Mhúinteora

Roinnt spreagcheistean: **Ról an Mhúinteora**

Cén tionchar / ról atá ag múinteoirí ag spreagadh na Gaeilge mar theanga an tsóisialaithe?

Cén tuiscint / sainmhíniú atá ag múinteoirí ar shóisialú teanga?

Cad iad na dúshláin do theanga an tsóisialaithe i measc na ndaltaí faoi láthair?

Cad is féidir leis na múinteoirí a dhéanamh leis an nGaeilge mar theanga an tsóisialaithe a spreagadh?

An bhfuil an teanga chuí ag múinteoirí leis an nGaeilge mar theanga an tsóisialaithe a spreagadh i measc daltaí?

Cad iad na meicníochtaí a chuirfear i bhfeidhm le forbairt a dhéanamh ar chumas teanga na foirne?

Cén chaoi ar féidir na daltaí a chumasú tríd an gcraclam leis an teanga chuí a shealbhú?

Cé chomh lárnach dá gclár oibre féin is a fheiceann múinteoirí an cheist seo?

Roinnt spreagsmaointe: **Ról an Mhúinteora**

1

Moltar an luath-thumadh ar feadh dhá bhliain chun go mbeidh na daltaí cumasaithe leis an teanga chuí a shealbhú le dul i ngleic le gach gné den churaclam. Ní chuirfear tús le léitheoireacht fhoirmiúil sa Bhéarla ná ar scéimeanna foghraíochta sa Bhéarla roimh an gcéad téarma i Rang a hAon.

2

Is í an Ghaeilge an teanga chumarsáide a bheidh ag foireann uile na scoile i dtimpeallacht na scoile agus ag freastal ar aon imeacht a bhaineann leis an scoil, seachas nuair a bhíonn teanga eile á múineadh.

7

Tacaíocht do chruthú/ceartú áiseanna teagaisc ar fáil do mhúinteoirí ar chaighdeán íseal Gaeilge.

6

Caidreamh maith idir múinteoirí agus daltaí a spreagadh chun Polasaí Labhairt na Gaeilge a chur i bhfeidhm.

3


Is cuid de dhualgas fhoireann na scoile é tacú ar gach bealach le Polasaí Labhairt na Gaeilge a chur i bhfeidhm.

5

Cruthaigh ionchas láidir i bpolasaí na scoile gurb í an Ghaeilge a bheidh in úsáid go sóisialta ag múinteoirí agus daltaí.

4

Caithfidh an teachtaireacht chéanna a bheith ag teacht ó gach múinteoir go seasta agus go soiléir.



15

A bheith gníomhach (sna ranganna éagsúla) ag scríobh blaganna, eolas do shuíomh na scoile; gearrfhíseáin faoin saol sa scoil, srl.

8

Scéim tacaíochta/sparánachta a chur ar fáil do mhúinteoirí chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge.

9

Cúrsaí rialta a chur ar fáil do mhúinteoirí na scoile i ngnéithe a bhaineann leis an tumoideachas – m.sh. teagasc teanga agus ábhar, forbairt scileanna délitearthachta comhionanna, múineadh tríd an dara teanga, tríd an gcéad teanga.

14

Daltaí a spreagadh le conradh a shíniú – comhaontú ar a ról, is é sin a gcion féin a dhéanamh don teanga - ní hamháin ar a son féin ach ar son na scoile agus na sochaí agus teacht ar an gcinneadh pearsanta gur leo an teanga.

13

Córas dearfach a bheith i bhfeidhm sa rang – Gaeilgeoir na seachtaine/ teastais ar chrochadh/ clár na bhfógraí.

12


Ar chlár gach plean seachtaine an mhúinteora – plé oscailte faoin nGaeilge – faoina tábhacht, faoina stádas sa tír, sa domhan, srl.

10

Múinteoirí a mhealladh i dtreo cúrsaí iarchéime – m.sh. M. Oid. san Oideachas lán-Ghaeilge, MA i dteagasc Teangacha.

11

Ceangal agus comhoibriú le múinteoirí eile/scoileanna eile.



Le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge - tuairimí, moltaí agus gníomhartha aontaithe a thagann aníos sa phlé:-



Nach bhfuil le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge (agus réasúnaíocht): moltar a áireamh anseo céard nach gcuimseofar sa pholasaí ag an tráth seo, agus an chúis leis sin. Cabhróidh sé seo leis an bplé a éascú amach anseo agus Polasaí Labhairt na Gaeilge á athnuachan.



